north western
international
river basin district

North South Shared Aquatic Resource (NS SHARE)

Doiciméad Comhairliúcháin

Clár Ama agus Clár Oibre
le Plean Bhainistíocht Abhantraí
a réiteach do
Cheantar Abhantraí Idirnáisiúnta an Iarthuaiscirt
in Éirinn

22ú Meitheamh 2006

Réitíodh an doiciméad seo agus táthar á fhoilsiú de réir Airteagal 14.1 a den Creat Treoir Uisce (2000/60/EC), agus Airteagal 14.1 a de Rialacháin (Polasaí Uisce) na gComhphobal Eorpach 2003 (Ionstraim Reachtúil Uimh. 722 de 2003).

CAD TÁ AG TARLÚ ?

Tá na húdaráis áitiúla in iarthuaisceart na hÉireann ag comhoibriú le chéile agus le dreamanna eile le Plean Bhainistíocht Abhantraí (PBA) a réiteach do Cheantar Abhantraí (CA) Idirnáisiúnta an Iarthuaiscirt faoi lár 2009. Tá dlúbhaint ag comhairliúchán le páirtithe leasmhara leis an bpróiseas seo. Déanfar comhairliúchán poiblí ag céimeanna éagsúla. Sa doiciméad seo, leagtar amach na bearta a chuirfear i gcrích ag Comhairlí Contae an Chabháin, Dhún na nGall, Liatroma, Longfoirt, Mhuineacháin agus Shligigh leis an chéad Phlean Bhainistíocht Abhantraí do Cheantar Abhantraí Idirnáisiúnta an Iarthuaiscirt a réiteach i 2009. Lorgaítear do thuairimí ann fosta maidir leis an gclár ama agus an gclár oibre atá molta chun go réiteofaí plean bhainistíocht abhantraí i 2009 chun críocha an Chreat Treoir Uisce (CTU).

Réitíodh an doiciméad seo agus táthar á fhoilsiú de réir Airteagal 14.1 a den Creat Treoir Uisce (2000/60/EC), agus Airteagal 14.1 a de Rialacháin (Polasaí Uisce) na gComhphobal Eorpach 2003 (Ionstraim Reachtúil Uimh. 722 de 2003).

CÉN FÁTH , CÉ, CÉARD, CONAS, CATHAIN, CÁ hÁIT?

CÉN FÁTH?

Cén fáth i gcomhairle liomsa?

Táthar ag dul i gcomhairle leat ar mhórán cúiseanna. Maille go bhfuil de cheart agat go dtráchtfaí leat, táthar ag dul i gcomhairle leat mar tá seans go rachaidh an CTU i gcion ortsa. B'fhéidir go gcaithfimid an bealach a ndéanaimid rudaí áirithe a athrú lenár n-uiscí a chosaint. B'fhéidir go gcaithfimid athrach chóireáil dramhuisce a chleachtadh, nó foinsí uisce len' ól a athrú, cá gcuirimid ár monarchana agus bóithre, conas a úsáidimid leasachán. Tá an comhchomhairliúchán seo dírithe ar an gclár ama, an gclár oibre agus an ráiteas i leith na beartais comhairliúcháin atá leagtha amach thíos. Cuirfimid tús amach anseo le comhairliúchán poiblí faoi chonas is fearr bainistiú a dhéanamh ar uisce.

CÉ?

Cé air a bhfuil an comhairliúchán seo dírithe?

Teastaíonn uainn scéal a chloisteáil ó éinne gur suim leo uiscí agus ár dtimpeallacht uisciúil. Teastaíonn uainn cloisteáil ach go háirithe ó dhaoine agus eagraíochtaí a rachaidh cinní ar úsáíd agus caomhnú uisce i gcion orthu. D'fhéadfaí a bheith ag úsáid uisce i dtionsclaíocht, i dtalmhaíocht nó fá choinne chaitheamh aimsire a leithéid iascaireachta nó bádóireachta.

CÉARD?

Cad é an Creat Treoir Uisce?

Dlí de chuid an Aontais Eorpaigh is ea an Creat Treoir Uisce (2000/60/EC), nó CTU, a bhfuil d'aidhm aige caighdeán uiscí uile an Aontais Eorpaigh a chosaint agus a fheabhsú. Tá gach saghas uisce in Éirinn san áireamh – aibhneacha, locha, agus inbhir chomh maith le uisce talún agus uiscí cósta atá níos gaire ná míle ón gcladach. De réir an CTU, déanfar meastóireacht ar chaighdeán uisce in aon abhainn, loch, uiscí cósta nó talún, bunaithe ar na hainmithe agus plandaí nádúrtha a chothaítear ann. Tá baint ag cainníocht uisce le measúnacht stádais an réimse uisce chomh maith. Tá dhá phríomhspriocanna ag an CTU, sa chéad áit meathlú ar aon uisce a chosc, agus sa dara háit stádas maith éiceolaíoch a bhaint amach do gach sort uisce um 2015.

Cad íad Rialacháin (Polasaí Uisce) na gComhphobal Eorpach 2003 (Ionstraim Reachtúil Uimh. 722 de 2003)?

Trasaíonn Rialacháin (Polasaí Uisce) na gComhphobal Eorpach 2003 (Ionstr. Reacht. Uimh. 722 de 2003) an CTU go reachtaíocht na hÉireann. Is é sin, tógtar rialacha agus dualgais uile an CTU, agus cuirtear i bhfeidhm i ndlí na hÉireann iad.

Cad is Ceantar Abhantraí?

Limistéar is ea ceantar abhantraí atá á dhísciú ag abhainn mhór nó roinnt aibhneacha, agus na hinbhir/farraigí máguaird

Folaíonn Ceantar Abhantraí Idirnáisiúnta an Iarthuaiscirt an cúinne thiar thuaidh d'oileán na hÉireann, agus abhantracha na móraibhneacha a leithéidí na hÉirne, na Finne agus chóras an Fheabhail san áireamh, chomh maith le réigiúin chósta Dún na nGall a shileann díreach go dtín bhfarraige. Maille le h-aibhneacha, locha agus inbhir agus a ndobharcheantair, folaíonn sé uiscí talún agus uiscí cósta chomh fada le míle ón gcladach. Clúdaíonn CAI an Iarthuaiscirt achar 14,792 km^2 san iomlán agus imeallbhord thar 1,100 km aige.

Cad é an Plean Bhainistíocht Abhantraí?

Tá gá le Plean Bainistíochta do gach Ceantar Abhantraí de réir an CTU. Caithfidh an plean seo, an Plean Bhainistíocht Abhantraí, sonraí gach réimse uisce in Abhantrach a thabhairt, na spriocanna éiceolaíocha atá socraithe dosna réimsí uisce úd, agus na bearta a chuirfear i gcrích leis na spriocanna sin a bhaint amach. Caithfear é a sholáthar um 22ú Meitheamh 2009. Leagtar amach anseo conas mar a dhéanfar é sin.

Cad is ábhar don Chomhairliúchán seo?

Faoi láthair, táthar ag dul i gocmhairle leat faoin gclár ama, gclár oibre agus faoin ráiteas i leith na beartais comhairliúcháin atá leagtha amach sa doiciméad seo. Beidh tuilleadh comhairlúcháin amach anseo faoi athraithe sa gcaoi a ndeintear bainistiú ar uisce in Éirinn.

CONAS?

Conas a chosnóidh agus a fheabhsóidh an CTU caighdeán ár n-uiscí?

Smaoinigh-Déan plean-Gníomhaigh-Athbhreithnigh is bunús don CTU. Le blianta beaga anuas, tá eolaithe ar fud na h-Éireann ag iarraidh ceisteanna a fhuascailt mar; Cén sort iasc agus plandaí gur chóir a bheith in abhainn nó loch neamhthruaillithe? Cad iad na príomhbhrúnna ar ár n-uisce? Conas mar a théann astógáil uisce ó abhainn i bhfeidhm ar an abhainn? Cén tionchar atá ag truailliú ó mhonarchana, ó thalmhaíocht, ó dhabhcha séarachais nó ó ionaid chóireála séarachais ar ár n-uisce?

Agus freagraí na gceisteanna seo againn, chomh maith le tuiscint ar a bhfuil ag dul i gcion ar ár n-uiscí agus cén treo, beidh orainn plean a réiteach sa chéad chéim eile le déileáil leis na fadhbanna seo. Tá na bearta atá socraithe sa phróiséas pleanála seo leagtha amach san alt “CLÁR OIBRE”.

CATHAIN?

Cathain a tharlóidh seo uile?

Tá neart déanta cheana. Sa bhliain 2003 bunaíodh na Ceantair Abhantraí a bheidh ina limistéir gheografacha agus riaracháin le h-uiscí a bhainistiú. Leagadh amach na ceantair seo i bpáirt leis na h-údaráis cuí i dTuaisceart Éireann, ag féachaint d’fhairsinge ár n-uiscí comhroinnte. Sa bhliain 2005, réitíodh Tuairisc Sonraíochta, an chéad mhórfhardal ar uiscí gach CA. Tá forbairtí tábhachtacha eile le teacht i mbliana (2006). Bunaíodh Coiste Comhairleach i ngach CA le fóram eagraithe a chur ar fáil le rannpháirtíocht pháirtithe leasmhara a spreagadh. Is iad na Dátaí Tábhachtacha i bhfeidhmiú an Chreat Treoir Uisce in Éirinn ná:

Um 22^{ú} Meitheamh 2006 -

- Foilsiú chlár ama agus chlár oibre do réiteach Pleananna Bhainistíocht Abhantraí i 2009. Comhlíonann an doiciméad seo an dualgas sin;

- Réiteach agus foilsiú chlár monatóireachta ag an EPA do na h-uiscí go léir. Tugtar deis do pháirtithe leasmhara dtuairimí a thabhairt;

- Réiteach chóras rangaithe ag an EPA maidir le stádas uiscí. Críochnófar cuid den tasc seo ach beidh gá le tuilleadh forbartha.

Um 22ú Nollaig 2006, caithfear an clár monatóireachta a sheoladh;

Um 22ú Meitheamh 2007 – foilsiú achoimre ar shaincheisteanna shuntasacha i leith bhainistíocht uisce, le tréimhse comhairliúcháin 6 mhí ina dhiaidh;

Um 22ú Meitheamh 2008 – foilsiú Dhréachtphlean Bhainistíocht Uisce, le tréimhse comhairliúcháin 6 mhí ina dhiaidh

Um 22ú Meitheamh 2009 – foilsiú Phlean Bainistíochta Uisce

CÁ hÁIT?

Cá bhfaighidh mé tuilleadh eolais?

Tugtar eolas ginearálta ar an gCreat Treoir Uisce thíos. Tá saineolas i leith do cheantar féin ar fáil ó

Dr Tony McNally
Comhairle Chontae Dhún na nGall
Oifig Tionscnaimh NS SHARE
Enterprise Fund Business Centre
Ballyraine
Leitir Ceanainn
Contae Dhún na nGall

Ephost: tmcnally@donegalcoco.ie
Suíomh Idirlín: www.nwirbd.com
Fón: 074 9161927

Tá eolas ginearálta ar an gCreat Treoir Uisce in Éirinn ar fáil ón

Rannóg Chaighdeán Uisce
Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil
Teach an Chustaim
Baile Átha Cliath 1

suíomh idirlín www.wfdireland.ie
Fón 1890 20 20 21

Cá seolfaidh mé m'aighneacht?

Má tá aon bharúil le nochtadh agat ar an doiciméad seo nó a bhfuil ann, ba chóir duit a sheoladh ag an Dr Tony McNally, trín bpost nó ephost, ag na seoltaí thuas, roimh 22ú Nollaig.

CREAT TREOIR UISCE

EOLAS GINEARÁLTA

Amach anseo déanfar comhordú ar chosaint agus feabhsú chaighdeán uisce in Éirinn ar bhonn na réigiún a dtugtar ceantar abhantraí orthu, a bunaíodh chun críocha Chreat Treoir Uisce an AE (2000/60/EC).

Tháinig an Creat Treoir Uisce, nó CTU, i bhfeidhm ar an 22ú Nollaig 2000 agus bhunaigh córas nua, láidrithe le caighdeán uisce agus éiceachórais spleách ar uisce a chosaint agus a fheabhsú. Forálann sé do bhainistiú chaighdeán uisce atá comhordaithe agus bunaithe ar abhantracha nádúrtha (i.s. dobharcheantair). Tá de sprioc aige meathlú ar bith i stádas uisce ar bith a chosc agus ar a laghad "stádas maith" a bhaint amach d'uiscí go léir um 2015. Déanfar stádas uiscí a mheas ar bhonn critéar ceimiceacha agus éiceolaíocha d'uiscí dromchla, agus critéar ceimiceacha agus cainníochtúla d'uiscí talún. Is gá go leor tascanna ullmhúcháin a dhéanamh roimh ghlacadh le pleananna bhainistíocht abhantraí um Nollaig 2009 agus a gcur ag feidhmiú, a n-athbhreithniú agus a leasú gach tréimhse sé bliana.

Chuir na Rialacháin Pholasaí Uisce, maille leis an reachtaíocht comhfhreagrach do Thuaisceart Éireann, ocht CA-anna ar bun maidir le oileán na hÉireann de réir na tograí atá leagtha amach sa doiciméad comhairliúcháin Thuaidh / Theas "Managing Our Shared Waters" (Márta 2003). Tá ceann amháin de na CA-anna seo suite go h-iomlán taobh istigh de Thuaisceart Éireann, tá ceithre cinn go h-iomlán i bPoblacht na hÉireannn, agus baineann trí cinn le limistéir trasteorann agus tugtar Ceantar Abhantraí Idirnáisiúnta orthu (CAI-anna). Is iad na h-ocht CA-anna -

- CA an Oirthir
- CA an Oirdheiscirt
- CA an Iardheiscirt
- CA an Iarthair
- CAI an Iarthuaiscirt
- CA an Oirthuaiscirt (TÉ)
- CAI nEathach Banna
- CAI na Sionainne

Cé gur dual do na húdaráis poiblí inniúla an Treoir a chur ag feidhmiú, tá de pholasaí ag an Rialtas, de réir na Treorach, rannpháirtíocht ghníomhach na bpáirtithe leasmhara uile a spreagadh. Tá an páipéar seo dá réiteach le eolas a sholáthar ar na tascanna ullmhúcháin atá riachtanach leis na Pleananna Bhainistíocht Abhantraí a chumadh, agus deis a thabhairt do na páirtithe leasmhara uile a mbarúlacha a thabhairt.

Tuaisceart Éireann agus Uiscí Trasteorann

Tá na hÚdaráis in Éirinn agus Tuaisceart Éireann ag comhordú a gcuid gníomhaíochtaí leis an CTU a fheidhmiú maidir le abhantracha comhroinnte. Baineann an páipéar comhairliúchán reatha seo le feidhmiú an CTU in Éirinn. Eiseofar doiciméad ar leith níos déanaí i 2006 ó na húdaráís inniúla i dTuaisceart Éireann.

Is Ceantair Abhantraí Idirnáisiúnta iad CAI-anna an Iarthuaiscirt, na Sionainne, agus nEathach Banna, ina bhfuil uiscí, agus a ndobharcheantair gaolmhara, comhroinnte ag Éirinn agus Tuaisceart Éireann. i dTuaisceart Éireann, tá freagracht iomlán ag an Roinn Comhshaoil as feidhmiú an Chreat Treoir Uisce: is é Seirbhís Timpeallachta agus Oidhreachta (EHS) na Ranna an príomh Údarás Inniúil le próiseas phleanála na n-abhantrach a bhrú chun cinn. Beidh dréacht chlár ama agus chlár oibre le Pleananna Bhainistíocht Abhantraí a cheapadh dá tháirgeadh ag an Roinn níos déanaí i 2006. Is féidir teacht ar bhreis sonraí ar mhodh fheidhmithe na Treorach i dTuaisceart Éireann, agus eolas ar conas is féidir le páirtithe leasmhara bheith páirteach, ag suíomh idirlín an EHS:

http://www.ehsni.gov.uk/environment/waterManage/wfd/wfd.shtml

CLÁR AMA

Is iad seo a leanas na Dátaí Tábhachtacha i bhfeidhmiú an Chreat Treoir Uisce in Éirinn:

Um 22^{ú} Meitheamh 2006 -

- Foilsiú chlár ama agus chlár oibre do réiteach Pleananna Bhainistíocht Abhantraí i 2009. Comhlíonann an doiciméad seo an dualgas sin;

- Réiteach agus foilsiú clár monatóireachta ag an EPA do na h-uiscí go léir. Tugtar deis do pháirtithe leasmhara tuairimí a thabhairt. Tá gnóthú an taisc seo de réir sceidil;

- Réiteach chóras rangaithe ag an EPA maidir le stádas uiscí. Críochnófar cuid den tasc seo ach beidh gá le tuilleadh forbartha.

Um 22^{ú} Nollaig 2006, caithfear an clár monatóireachta a sheoladh;

Um 22^{ú} Meitheamh 2007 – foilsiú achoimre ar shaincheisteanna shuntasacha i leith bhainistíocht uisce, le tréimhse comhairliúcháin 6 mhí ina dhiaidh;

Um 22^{ú} Meitheamh 2008 – foilsiú Dhréachtphlean Bhainistíocht Uisce, le tréimhse comhairliúcháin 6 mhí ina dhiaidh;

Um 22^{ú} Meitheamh 2009 – foilsiú Phlean Bhainistíocht Uisce.

CLÁR OIBRE

Tá léiriú sa sreabhchairt thíos ar na píosaí éagsúla oibre as a dtiocfaidh an chéad Phlean Bhainistíocht Abhantraí i 2009.

Rinneadh sainaithint ar na réimsí uisce go léir sa stát sa sonrú ar réimsí uisce a chríochnaíodh i 2005, agus tugadh tuairisc ar a sainghnéithe. Aithníodh réimsí uisce atá i mbaol spriocanna an CTU a theip maidir le caighdeán agus cainníocht faoin spriocdháta i 2015. Aithníodh chomh maith na príomhbhrúnna a chuir na réimsí uisce sin i gcontúirt.

Tá tuilleadh staidéar ar siúl anois lena chinntiú goidé mar a athraíonn na brúnna sin caighdeán an uisce agus conas mar is féidir cosc a chur leo. Rachaidh torthaí na staidéar sin díreach chun tacú leis an dTuairisc ar Shaincheisteanna Shuntasacha i leith Bhainistíocht Uisce (Tuairisc SSBU), atá le foilsiú faoin 22ú Meitheamh 2007. I measc na bpíosaí oibre eile a rachaidh chun tacú leis an dTuairisc SSBU áirítear réamhainilís ar éifeachtúlacht costais a bhaineann le iarmhairt eacnamaíoch na mbeart dóchúil, agus athmheas ar reachtaíocht uisce mar atá faoi láthair.

Tabharfaidh an Tuairisc SSBU tásc luath ar impleachtaí an Chreat Treoir Uisce d'Éirinn agus do gach Ceantar Abhantraí. Céim thábhachtach is ea é le Clár na mBeart a fhorbairt. Ionstraimí is ea na bearta seo trína sholáthróidh an CTU a spriocanna i leith caighdeán uisce. B'fhéidir go mbainfidh siad le feidhmiúchán breise na Treorach ar Chóiriú Dramhuisce Uirbigh nó feidhmiúchán na Rialacháin Níotráití mar shampla.

Beidh tréimhse sé mhí do chomhairliúchán poiblí tar éis d'fhoilsiú an Tuairisc SSBU. Rachaidh an comhairliúchán poiblí seo chun tacú le forbairt an Dréachtphlean Bhainistíocht Abhantraí, a gcaithfear a bheith foilsithe faoin 22ú Meitheamh 2008. Sa Dréachtphlean Bhainistíocht Abhantraí, nochtófar smaointí tosaigh ar cé acu Clár na mBeart a d'oirfeadh do Cheantar Abhantraí, agus conas mar a chuirfí i bhfeidhm é.

Tar éis fhoilsiú an Dréachtphlean Bhainistíocht Abhantraí, beidh tréimhse 6 mhí eile de chomhairliúchán poiblí le deis a thabhairt do pháirtithe leasmhara ionchur i gcríochnú an Phlean Bhainistíocht Abhantraí i 2009.


2005
Sonrú Réimsí Uisce
2006
Foilsiú Chóras Rangaithe
Foilsiú Chlár Monatóireachta
Staidéir ar Phríomhbhrúnna ar Uiscí na hÉireann aitheanta le linn Staidéir Shonraithe
Foilsiú Chlár Ama agus Chlár Oibre as a dtiocfaidh Dréachtphlean Bhainistíocht Abhantraí
Eacnamaíocht
Comhairliúchán Poiblí
2007
Tuairisc ar Shaincheisteanna Suntasacha Bhainistíocht Uisce
Comhairliúchán Poiblí
2008
Dréachtphlean Bhainistíocht Abhantraí spriocanna timpeallachta agus clár na mbeart san áireamh
Comhairliúchán Poiblí
2009
Plean Bhainistíocht Abhantraí

BEARTA COMHAIRLIÚCHÁIN LE GLACADH

Cuireann an dís, an Creat Treoir Uisce agus an Reachtaíocht Éireannach a thrasaíonn é, béim ar chomhairliúchán poiblí. Spreagfar comhairliúchán poiblí i rith an tréimhse roimh fhoilsiú an chéad Phlean Bhainistíocht Abhantraí i 2009. Ceadaítear comhairliúchán poiblí ar bhonn reatha trí **Choistí Comhairleacha na gCeantar Abhantraí** a bheith ann i ngach Ceantar Abhantraí. Ionadaithe áitiúla tofa (Comhairleoirí Contae agus Comhairleoirí Baile) atá i gCoistí Comhairleacha na gCeantar Abhantraí chomh maith le h-ionadaithe ó pháirtithe leasmhara a leithéidí talmhaíochta, slatiascaigh, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus tionsclaíochta.

Beidh tréimhse comharliúcháin 6 mhí ar a laghad tar éis d'fhoilsiú na Tuairisce ar Shaincheisteanna Shuntasacha i leith Bhainistíocht Uisce (faoi dheireadh Meithimh 2007) agus an Dréachtphlean Bhainistíocht Abhantraí (faoi dheireadh Meithimh 2008). I rith na tréimhsí seo, cuideofar le comhairliúchán poiblí trí na bearta seo a leanas:

1) Comhairliúchán Scríofa

   Agus an Tuairisc ar Shaincheisteanna Shuntasacha i leith Bhainistíocht Uisce, agus an Dréachtphlean Bhainistíocht Abhantraí foilsithe, cuirfear fógraí sna meáin iomchuí, ag cur in iúl cá bhfuil na doiciméid ar fáil agus ag iarraidh aighneachtaí scríofa ina leith;

2) Idirlíon

   Agus an Tuairisc ar Shaincheisteanna Shuntasacha i leith Bhainistíocht Uisce, agus an Dréachtphlean Bhainistíocht Abhantraí foilsithe, cuirfear ar fáil iad ar shuíomh idirlín Cheantar Abhantraí Idirnáisiúnta an Iarthuaiscirt, www.nwirbd.com, agus ar shuíomhanna na sé Údarás Áitiúil atá páirteach.

3) Coistí Comhairleacha na gCeantar Abhantraí
   Agus an Tuairisc ar Shaincheisteanna Shuntasacha i leith Bhainistíocht Uisce, agus an Dréachtphlean Bhainistíocht Abhantraí foilsithe, dáilfear iad trí Coistí Comhairleacha na gCeantar Abhantraí ar na páirtithe leasmhara a bhfuil ionadaithe acu, agus cuireadh ag na páirtithe leasmhara úd a gcuid tuairimí a chur isteach ag na húdaráis inniúla iomchuí taobh istigh den achar ama luaite.

D'fhéadfadh comhairliúchán poiblí a tharlú i dteannta na mbeart thuas nó spleách orthu, má's gá a leithéid de chomhairliúchán de réir na Treorach 2001/42/EC ar Mheasúnacht Tionchar Pleananna agus Cláir ar Leith ar an dTimpeallacht (an Treoir SEA), nó de réir an Phróis Rialúcháin do Mheasúnacht Tionchar.

TUAIRISCEÁN

Ainm:
Eagraíocht (má’s cuí):
Seoladh:

Fón:	Oíche nó lá?
Fón póca:	Faics:
Ephost:	Suíomh Idirlín:

An bhfuil aon bharúil agat ar an gclár ama, gclár oibre nó an ráiteas ar bhearta comhairliúcháin? (Bain úsáid as leathanaigh breise má’s gá)

Tuilleadh aiseolais – Bheimis buíoch ach a bhfreagrófá na ceisteanna thíos le go gcuirfí ar an eolas muid faoi mhodhanna comhairliúcháin amach anseo

1a Cé acu an bealach is éifeachtaí duitse foghlam faoi imeachtaí poiblí agus próisis comharliúcháin ?
Rangaigh mar is fearr leat le do thoil
( ) Alt nuachtáin sna nuachtáin náisiúnta
( ) Raidio náisiúnta
( ) Alt nuachtáin sa phreas áitiúil
( ) Raidio áitiúil
( ) Suíomh idirlín
( ) Eile Luaigh le do thoil

1b Cén modh cumarsáide a roghnófá le saineolas a fháil ar chúrsaí uisce agus an CTU?
Rangaigh mar is fearr leat le do thoil

( ) Cruinniú poiblí
( ) Briathar béil
( ) Preas tráchtála /proifisiúnta
( ) DVD
( ) Seisiún ceardlainne i do dhúiche féin
( ) Clár teilifíse
( ) Clár raidio
( ) Suíomh idirlín
( ) Doiciméad i gcló
( ) Eile Luaigh le do thoil

1c Cár fhoghlaim tú faoin bpróiseas comhairliúcháin seo?
( ) Fógra poiblí sna nuachtáin náisiúnta
( ) Suíomh idirlín
( ) Briathar béil
( ) Post díreach

1d An raibh baint agat riamh le próiseas comhairliúcháin eile ar an CTU?
BHÍ NÍ RAIBH

1e Má bhí, cur síos air le do thoil…….

2a An mbaineann tú úsáid as an suíomh seo www.wfdireland.ie ?
BAINEANN NÍ BHAINEANN

2b Má bhaineann – cé chomh minic?
uair amháin, gach lá, gach seachtain, go míosúil

2c An bhfuil aon bharúil agat ar a bhfuil ann?

3a An mbaineann tú úsáid as suíomh idirlín CAI an Iarthuaiscirt, www.nwirbd.com ?
BAINEANN NÍ BHAINEANN

3b Má bhaineann – cé chomh minic?
uair amháin, gach lá, gach seachtain, go míosúil

3c An bhfuil aon bharúil agat ar a bhfuil ann?

Faoi dheireadh, seachas mar tomhaltóir, cén suim a bhfuil agat in uisce?

Is mór againn gur ghlac tú am leis an gceistneoir seo a chomhlíonadh